# Dúshlán Aimsire
# Rabhadh Aimsire!

Tionscadal STEAM



**Dúshlán**

***Dear agus déan gléas nó aireagán chun cabbhrú le do mhúinteoir laidreacht na gaoithe a mheas agus cinneadh a dhéanamh faoi cúrsaí sábháilteachta agus dul amach ag am sosa.***

**Sula dtosaíonn tú,** déan iniúchadh ar 'Fhórsaí agus Fuinneamh' leis an rang.

**Leideanna i gcomhair ceisteanna**

- Cén ábhair a theastaíonn uait?
- Céard atá uathúil faoi do ghaiste?
- Cén bealach go mbeidh a fhios agat go n-oibríonn do ghléas?

**Critéir mholta do dhaltaí**:
Caithfidh tú do dhearadh don ghléas gaoithe a tharraingt. Dathaigh, más féidir.

Smaoinigh ar na rudaí seo a leanas;

- Cuir lipéid ar do dhearadh (na hábhair a theastaíonn uait chun an gléas gaoithe a chruthú).
- Cuir isteach aon ghnéithe meicniúla a chabhraíonn leis an gléas, oibriú.
- Scríobh alt nó bain úsáid as pictiúir chun miniú a thabhairt ar an gcaoi go n-oibróidh an gléas gaoithe.
- B' fhéidir nach mbeidh do léaráid déanta de réir scála. Muna bhfuil, cuir isteach na toisí.
- Déan fhréamhshamhail don ghléas agus déan tástáil air. Ná déan dearmad ar ' ag iniúchadh, ag pleanáil, ag déanamh agus ag meastóireacht'

** Beidh pointí breise tugtha do léiriú agus do mhaisiú.*

**Moltaí chun an critéir a athrú chun an dúshlán a mhéadú**
D'fheadfaí cuid do na moltaí seo a úsáid*;*

- Thar seachtain nó coicís, bailigh sonraí ó na gléasanna. Iarr ar dhaltaí cuir i latháir a dhéanamh bunaithe ar na sonraí a bhailigh siad. An bhfuil na torthaí céanna acu?
- Scríobh réamhaisnéis na haimsire agus déan cuir i láthair air chun na torthaí ó na gléasanna a roinnt.
- Scríobh ceol aitheantais nó ceoilín don chraoladh agus taispeáin é don rang.
- Úsáid ábhair in-athchúrsáilte. An féidir ghléas a dhearadh agus a dhéanamh ag úsáid ábhar ón mbosca bruscair athchúrsáilte. Céard a úsáidfear agus cén fáth?

**Ta an tasc seo ann chun cabhrú le múinteoirí le haonad STEAM a phleanáil. Is féidir é a chur in oiriúint do chomhthéacsanna eagsúla. Is é bunús an dúshláin seo ná cruthaitheacht a chothú agus go mbeidh indibhidiúlacht daltaí le feiceáil sna gléasanna!*